Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11272 – HAMBURGER ENERGIEWERKE / ANE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 339/09)

1. An 18 Meán Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hamburger Energiewerke GmbH ('HEnW', an Ghearmáin), atá faoi rialú Free and Hanseatic City of Hamburg trí HGV Hamburger Gesellschaft für Vermögens- und Beteiligungsmanagement mbH (an Ghearmáin),

— ANE GmbH & Co. KG ('ANE'), atá faoi rialú ARGE-Netz GmbH & Co. KG (an Ghearmáin araon).

Gheobhaidh HEnW urlámhas aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ANE ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Feidhmíonn HEnW mar chuideachta soláthair fuinnimh Free and Hanseatic City of Hamburg i réimse an tsoláthair fuinnimh agus teasa, go háirithe giniúint, soláthar agus díol fuinnimh de gach cineál,

— Tá ANE gníomhach i soláthar mórdhíola fuinnimh, go háirithe fuinneamh in-athnuaite, seirbhísí chun giniúint agus soláthar fuinnimh a dhigitiú, stáisiúin chumhachta fhíorúla in-athnuaite a oibriú, agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11272 – HAMBURGER ENERGIEWERKE / ANE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË